

Na scrúduithe cainte

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scrúduithe cainte na hArdteistiméireachta i mbliana. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

- i. Conas a bheidh na scrúduithe cainte difriúil i mbliana, dar leat?
- ii. Conas a ullmhaíonn tú féin do scrúduithe cainte?
- iii. An bhfuil aon teanga eile agat? Cad í? An bhfuil sí níos éasca ná an Ghaeilge? Mínigh.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- proper training
- oral test
- interviewer
- external examiner
- Perspex screen
- face covering
- from a safety aspect
- the students will bear the consequences
- a lack of training
- more instructions will be released

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad é ábhar na míre i gcúpla abairt?
2. Cad a bhí le rá ag:

Sharon Ní Fhloinn
Ciarán Mac Ruaidhrí
Caoimhe Ní Thuathail
Declan Glynn

Ceist 4

Aimsigh:

1. An tuiseal ginideach uatha agus iolra den ainmfhocal 'scrúdú'.
2. Ainmfhocal eile atá ar eolas agat atá cosúil leis an ainmfhocal 'scrúdú'. Cuir an tuiseal ginideach uatha agus iolra den ainmfhocal sin ar fáil freisin.
3. Ainm briathartha na mbriathra 'taifead' agus 'seol', a bhí le cloisteáil sa mhír.
4. Gearr, ach níos _____? Bhí sé sa mhír.
5. Cad faoi na cinn seo anois: fad, níos _____; álainn, níos _____; fuar, níos _____; fliuch, níos _____; te, níos _____.
6. Sampla amháin den mhodh coinníollach ón mír.
7. Sampla amháin den ghnáthchaite ón mír.
8. Dhá (méadar) _____. Agus, cad faoi 3 – 10 (méadar)?

Ceist 5

'... ag cur as dom ...'

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agaibh anois agus:

1. Breac síos na bealaí ar fad atá ar eolas agaibh chun 'ag cur as dom' a rá.
2. Breac síos na frásaí ar fad atá agaibh chun a chur in iúl go bhfuil tú an-sásta faoi rud éigin.
3. Breac síos na bealaí ar fad atá ar eolas agaibh chun fearg a léiriú.

Ceist 6

Bréagscrúdú cainte

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí cleachtadh ar scrúdú cainte:

1. Scríobhaigí amach ceisteanna a cheapann sibh a bheidh sa scrúdú ar dtús.
2. Cuirigí tús leis an scrúdú ansin – duine A ina agallóir agus duine B ina agallaí.
3. Malartaigí róil.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

proper training – *oiliúint cheart*

oral test – *scrúdú cainte / scrúdú béil / béaltrial*

interviewer – *agallóir*

external examiner – *scrúdaitheoir seachtrach*

Perspex screen – *scáthlán Peirspéacs*

face covering – *clúdach aghaidhe*

from a safety aspect – *ó thaobh sábháilteachta de*

the students will bear the consequences – *beidh na scoláirí thíos leis*

a lack of training – *easpa traenála*

more instructions will be released – *beidh tuilleadh treoracha á n-eisiúint*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. ‘...le linn na scrúduithe...’ agus ‘...le linn an scrúdaithe...’.
2. ‘Ardú’, mar shampla: i ndiaidh na n-arduithe agus i ndiaidh an ardaithe, nó ‘athrú’ e.g. de bharr na n-athruithe, de bharr an athraithe.
3. ‘Taifeadadh’ agus ‘seoladh.’
4. Gearr, ach níos **giorra**.
5. Fad, níos **faide**; álainn, níos **áille**; fuar, níos **fuair**; fliuch, níos **fliche**; te, níos **teo**.
6. ‘...go bhféadfadh...’.
7. ‘...mhaireadh...’.
8. Dhá **mhéadar**. 3 – 6 mhéadar, 7 – 10 méadar.

Ceist 5

Mar shampla:

1. Cuireann sé isteach orm, bíonn sé do mo chrá, cuireann sé le craobhacha mé, cuireann sé ar an daoraí mé.
2. Tá mé ar mhuin na muice, tá lúcháir/ríméad orm, tá mé breá sásta.
3. Tá goimh orm, tá mé an-mhíshásta, tá fearg orm, tá mé feargach, tá mé ar buile.

Ceist 6

Tabhair deis do gach beirt na ceisteanna a scríobh le chéile ar dtús. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Abair leo an scrúdú bréige a dhéanamh ina mbeirteanna ag déanamh cinnte go malartaíonn siad ról.

Eimear Ní Chonaola

Deir múinteoirí a bheas i mbun scrúduithe cainte don Ardeist, gur cúis bhuartha dóibh nach mbeidh cead acu masc a chaitheamh le linn na scrúduithe, atá le tosú ag an deireadh seachtaine. Tá imní ar Aontas Múinteoirí Éireann go mbeidh an scrúdú cainte níos giorra i mbliana agus nach mbeidh oiliúint cheart ar na múinteoirí a bheas ina bhun.

Peadar Mac Gaoithín

Ní dheachaigh scrúduithe béil na hArdteistiméireachta ar aghaidh anuraidh mar gheall ar shrianta COVID-19. I mbliana, caithfidh an dalta agus an t-agallóir, ar múinteoir seachas scrúdaitheoir seachtrach é, fanacht dhá mhéadar óna chéile agus a bheith scartha ag scáthlán peirspéacs le linn na béaltrialach, atá le taifeadadh agus le seoladh ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Dar le treoracha a d'eisigh an Coimisiún Dé hAoine, iarrtar ar an mhúinteoir agus an dalta gan masc a chaitheamh le linn an scrúdaithe, ó tharla go bhféadfadh clúdach aghaidhe cur isteach ar chumarsáid shoiléir eatarthu.

Sharon Ní Fhloinn, An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le hobair labhartha an dalta agus scrúdú cainte na Ardteistiméireachta. Ach tá imní ar mhúinteoirí na tíre iad a réachtáil gan masc ar aon duine, ó thaobh sábháilteachta de, agus na huimhreacha COVID-19 ag méadú ar fud na tíre.

Ciarán Mac Ruaidhrí, Príomhoide Ghairmscoil Chú Uladh, Co. Dhún na nGall

Chuala muid nach raibh cead ag múinteoirí nó scoláirí mascannaí¹ a chaitheamh, rud a chuir imní orainn. Ach, más fíor, tá sé cloiste againn anois inniu, go mbeidh cead ag scoláirí agus múinteoirí mascannaí a chaitheamh suas go dtí an pointe nuair a thosaíonn an scrúdú.

Caoimhe Ní Thuathail, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

Tá béim ollmhór ar fhoghraíocht agus is dóigh nuair atá mascannaí orainn tá sé i bhfad níos deacra. Agus ar a laghad ar an gcaoi seo tabharfar an deis dúinn an fhoghraíocht a fháil i gceart agus tabharfar an deis is fearr dúinn na marcanna is fearr a bhaint amach sa mbéaltrial.

Peadar Mac Gaoithín

Tá ceisteanna ag Aontas Múinteoirí Éireann faoin chur chuige úr fosta.

Declan Glynn, Ard-Rúnaí Cúnta, Aontas Múinteoirí Éireann

Mhaireadh an scrúdú cúig nóiméad déag gach uile bhliain go dtí seo. Agus, ba cheart go mbeidís ann ar an mbonn céanna i mbliana. Má dhéantar ciorrú ar fhad ama an scrúdaithe, beidh na scoláirí thíos leis. Ní bheidh an t-am céanna acu iad féin a chur i láthair nó iad féin a chruthú go maith. Agus, an dara rud atá ag cur as dom go mór ná an easpa traenála. Beidh go leor daoine nua i mbun na scrúduithe i mbliana agus níl sé soiléir go bhfaighidh siad traenáil ar bith.

Peadar Mac Gaoithín

I ráiteas tráthnóna, dúirt an Coimisiún go mbeidh tuilleadh treoracha á n-eisiúint acu do mhúinteoirí amárach.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

¹ *masc* an leagan caighdeánach